# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/2536 ÓN gCOMHAIRLE

**an 12 Nollaig 2022**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 82(1) agus pointe (a) d'Airteagal 87(2), i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa, [1]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1187 ón gComhairle [2], an 27 Meitheamh 2019, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne ("an Comhaontú"), faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú ina n-aonar, feabhas leordhóthanach a chur ar mhalartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí chun slándáil a chothabháil san Aontas, de bharr nádúr na coireachta idirnáisiúnta nach bhfuil teoranta do theorainneacha an Aontais. Tá sé ríthábhachtach go bhféadfadh na Ballstáit uile agus Cónaidhm na hEilvéise rochtain chómhalartach a bheith acu ar bhunachair sonraí náisiúnta maidir le comhaid anailíse DNA, córais aitheantais dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí chun comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a chothú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Chomhaontú, tá Airteagal 5(1) agus (2) den Chomhaontú á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta sínithe an Chomhaontaithe.

---

[1] Toiliú an 17 Nollaig 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/1187 an 6 Meitheamh 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha áirithe an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (IO L 187, 12.7.2019, lch. 1).

(4) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle ([3]), Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle ([4]) agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle ([5]), agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne ([6])

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) den Chomhaontú ([7]).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Z. NEKULA

([3]) Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

([4]) Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

([5]) Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (IO L 322, 9.12.2009, lch. 14).

([6]) Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 187, 12.7.2019, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

([7]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.